

MHARBHUIGH TAILLIÚR BEIRT FHATHAIGH UAIR.

Áit a raibh Rí agus bhí beirt fhathaigh ann. Bhí an –faithcíos ag a Rí roimh na fathaigh bheadh sé ní bhfearr marach iad a bheith ann. Bhí saighdiúir ag a Rí agus má bhí fhéin ní raibh siad indon na fathaigh a mharbuigheadh. Bhí tailliúr ansoin ann agus tháinig sé chomh fada leis a Rí. “Má thugann tú t’ingean dhom sa” adeir sé leis a Rí marbóchaidh mé na fathaigh.” “Céurd a bheithfeá i ndon a mharbhughadh” adeir a Rí. “Marbhóchad” adeir a tailliúr. Gheall a Rí an ingean dhó. Chuaidh an tailliúr go dtí an áit a raibh na fathaigh ansoin.

Sé an áit a raibh siad shuas ar chnoc. Casadh duine de na fathaigh dhó. “Tá an Rí a dhul a cur saighdiúir go dtí sibh anocht a dhul gá marbhughadh” adeir sé “agus bfearr díb mise a thabhairt libh go mbeinn ag áirdeal dibh” “Céurd a bheithfeá i ndon áirdeal” adeir an fathach. “Ó bheinn” adeir a tailliúr. Thug a fathach leis é agus coiriúghadh leaba dhó. Sé’n áit a ndeachaidh an tailliúr an-soin san oidhche isteach i bpoll a bhí faoi bhalla an tigh. I lár na hoidhche d’eirigh duine de na fathaigh agus píosá mór iarainn aige agus thairring sé anuas ó mhaol na gualainn é ar a leabaidh a raibh an tailliúr ann. “anois” adeir sé shíl sé go raibh an táilliúr marbh aige.

Nuair a d’eirigh siad ar maidin bhí an táilliúr ceart. Bhí crainnte ansoin taobh amuigh ann as cionn abhainn. “Cuirfidh mé geall” adeir a tailliúr gur aoirde a ghabhas mé suas ‘sna crainnte ná sibh.” “Hurraí ort” adeir na fathaigh céurd atá tú i ndon a dheanamh. “Tá mé i ndon a dhul níos aoirde ná sibse” adeir a tailliúr.

Chuaidh an táilliúr suas ‘sna crainnte agus lean na fathaigh é. Nuair a bhí siad shuas i mbarr na gcrainnte tháinig gála mór(ach creidim go mbéidir gur draoidheacht a bhí ag a tailliúr). D’fuadóchaidh an gála an táilliúr ansoin thar an abhainn mar dfuadóchadh sí cleite bhí sé éadthrom. Thuit na fathaigh síos ‘san abhainn agus báthadh iad.

Tháinig an táilliúr go dtí an Rí ansoin go bfuair sé an ingean uaidh